

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

SCÉIM TEANGA

2015 – 2018

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra 3

1.1 Réamhrá 3

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime 3

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime 3

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí 4

2.1 Misean agus Aidhmeanna 4

2.2 Príomhfheidhmeanna 4

2.3 Príomhsheirbhísí 4

2.4 Custaiméirí agus Cliaint 6

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil I mBéarla amháin nó go dátheangach 7

Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí I nGaeilge a Fheabhsú 8

Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht a Fheabhsú 11

Caibidil 6: Inniúlacht Teanga a Fheabhsú 12

6.1 Earcaíocht 12

6.2 Oiliúint agus Forbairt 12

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge 13

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú 14

Caibidil 8: Foilsiú na Scéime Comhaontaithe 15

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrófar na seirbhísí a sholathróidh siad

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a nglacfar leo chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir Alt 14(3) den Acht, tá feidhm ag scéim teanga ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, féachadh go cuí ar na Treoirlínte atá eisithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Cuireadh i dtoll a chéile í d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí ar bhonn céimnithe tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim ar an **07 Nollaig 2015**. Beidh éifeacht aici ón dáta sin agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneofar scéim eile, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta don tsármhaitheas agus don nuálaíocht in oideachas daoine óga agus daoine fásta. Déanfar é sin trí sheirbhísí dinimiciúla a sholáthar agus iad a bheith curtha ar fáil ag foireann ghairmiúil.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is comhlacht reachtúil Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a bhfuil mórfhreagracht air as seirbhísí oideachais agus oiliúna a sheachadadh ar fud Chontae Lú agus na Mí. Tá 16 Iar-bhunscoil, Bunscoil amháin agus dhá choláiste Breisoideachais á mbainistiú aige.

Tá Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna á reáchtáil freisin ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a thairgeann cláir oideachais sholúbtha agus uileghabhálacha sa dá chontae, lena n-áirítear Seirbhísí Foghlama d'Aosaigh, Oideachas Pobail, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Seirbhís Treorach d'Aosaigh, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais mar aon le Ranganna Oíche.

Tá ocht n-ionad de chuid Teagmháil na nÓg ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.

Tá Ionad Réigiúnach Scileanna & Oiliúna Dhún Dealgan faoi rialachas Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ón 1 Iúil 2014 i ndiaidh dó a bheith aistrithe ó SOLAS ar an dáta sin.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ina phátrún ar 6 Phobalscoil.

2.3 Príomhsheirbhísí

Scoileanna agus Coláistí			
	Coláiste Beaufort, An Uaimh		**Iar-bhunscoil na Sceiche, Dún Dealgan**
	Coláiste De Lacy, Cill Dhéagláin		**Coláiste Lú/Coláiste Chú Chulainn, Dún Dealgan**
	Coláiste na hInse, An Inse		**Coláiste na Mí, An Uaimh**

	Coláiste Pobail, Rath Chairn		**Coláiste Pobail Dhún Seachlainn**
	Coláiste Uí Chearbhalláin, An Obair		**Coláiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan**
	Coláiste Ráth Tó		**Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire**
	Iar-bhunscoil Naomh Fintina, Maigh Dearmhaí		**Pobalscoil Naomh Oilibhéar, Droichead Átha**
	Coláiste Naomh Peadair, Dún Búinne		**Iar-bhunscoil Naomh Oilibhéar, An Seanchaisleán**

Bunscoileanna		**An tIonad do Scolaíocht na hEorpa**	
	Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, An Uaimh		**CES Dhún Seachlainn**

Coláistí Breisoideachais			
	Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha		**Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne**

Breisoideachas agus Oiliúint	**Lárionad**		
Seirbhísí Foghama d'Aosaigh	**Droichead Átha**	**Dún Dealgan**	**An Uaimh**
	Baile Átha Troim	**Ceanannas**	**An Seanchaisleán**
	Maigh Muirí	**An Inse/Baile an Bhiataigh**	**Dún Seachlainn/Cill Dhéagláin**
	Dún Búinne	**Baile Átha Buí**	
Treoir d'Aosaigh	**Droichead Átha**	**Dún Dealgan**	**Mí**
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	**Lú**	**Mí**	
Oideachas Pobail	**Lú**	**Mí**	

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	**Droichead Átha**	**Dún Dealgan**	**An Uaimh**

Ranganna Oíche	**11 ionad i gCo. Lú agus na Mí**

Teagmháil na nÓg	**Lárionad**	
	Droichead Átha	**Dún Dealgan**
	Hi-Way Café, An Uaimh	**Y/R Progression, An Uaimh**
	Baile Átha Troim	**Ceanannas**
	Cill Dhéagláin	**An Inse/ Baile an Bhiataigh**

Pátrúnacht Phobalscoileanna		
Pobalscoil Bhaile Átha Fhirdhia	**Pobalscoil Chill Dhéagláin**	**Pobalscoil Bhaile Átha Buí**
Pobalscoil Chiaráin, Ceanannas	**Pobalscoil na Bóinne, Baile Átha Troim**	**Coláiste Bhaile Mhic Éinigh**

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

- An Pobal go léir i gContaetha Lú agus na Mí
- Daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí arb iad na pobail/comharsanachtaí foghlama iadatá ag ár scoileanna dara leibhéal ar fad
- Ionaid oideachais aitheanta agus gach seirbhís eile atá á sholáthar ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
- Seirbhísí Oideachais Pobail agus seirbhísí don Óige
- Ranna stáit/comhlachtaí fo-stáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail agus daoine aonair
- Fostaithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Caibidil 3: Sonraí na Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí faoi na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla, **seirbhísí Gaeltachta san áireamh**.

Soláthar Reatha Seirbhísí		
Seirbhísí (Ginearálta)	**Seirbhísí i mBéarla amháin**	**Béarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla**
Iar-bhunscoileanna	Tá gach scoil á reáchtáil i mBéarla, ach amháin Coláiste Pobail Ráth Chairn agus Coláiste Lú, an dá iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.	
Breisoideachas & Oiliúint	Béarla amháin	
Ionad Theagmháil na nÓg	Béarla amháin	
Ceanncheathrú Riaracháin: 1. Bóthar na Mainistreach An Uaimh 2. Sráid an tSéipéil Dún Dealgan	Béarla amháin	
Ionad Réigiúnach Scileanna & Oiliúna, Bóthar Uí Chofaigh, Dún Dealgan	Béarla amháin	
Seirbhísí Gaeltachta	**Seirbhísí i mBéarla amháin**	**Béarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla**
Coláiste Pobail Ráth Chairn		Gaeilge amháin

Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí i nGaeilge a Fheabhsú

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 na forálacha i gcló liath sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	
Fógraí ó Bhéal Réamhthaifeadta		Beidh na fógraí ó bhéal réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach: (a) Fógraí ó bhéal réamhthaifeadta ar an teileafón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta. (b) Fógraí ó bhéal réamhthaifeadta a chraoltar ar chóras fógartha poiblí. (c) Fógraí ó bhéal réamhthaifeadta a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha teileafóin. Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas le fógraí 'beo'. Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, éilítear ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú a úsáid i bhfógraí ó bhéal réamhthaifeadta a dhéanann sé nó a dhéantar ar a shon.	**Éigeantach**
Cumarsáid Scríofa	**Litreacha agus Ríomhphost**	Tabharfar freagra do gach cumarsáid scríofa sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	**Éigeantach**
	Stáiseanóireacht	Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach: ceannteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar nóta, duillíní dea-mhéine, bileoga chumhdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach.	**Éigeantach**
Comharthaí	**Comharthaí**	Ní mór do gach comharthaíocht a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí in airde, nó a chuirtear in airde thar a cheann, a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008).	**Éigeantach**
Foilseacháin	**Foilseacháin**	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach.	**Éigeantach**
	Ciorcláin / Cora Poist	Sa chás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid leis an bpobal nó le haicme den phobal, i scríbhinn nó trí ríomhphost, chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme den phobal, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid sin.	**Éigeantach**
An Ghaeltacht	**Logainmneacha Gaeltachta**	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta **de réir na reachtaíochta.**	**Éigeantach**

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	AmscálaFaoi dheireadh na céad/dara/tríú bliana
Cumarsáid ó Bhéal	**Fáiltiú**	Beidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil san Uaimh, Co. na Mí agus i nDroichead Átha, Contae Lú tráth a mbeidh an Phríomhoifig nua tógtha.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Duine le Duine/ Seirbhís Cuntair	Cuirfear liosta de na baill foirne atá in ann seirbhís a sholáthar i nGaeilge ar fáil i bPríomhoifig Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí san Uaimh, Contae na Mí.	Ó thús scéime
	Lasc-chlár	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir sna Príomhoifigí i nDún Dealgan agus san Uaimh ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Ó thús scéime
	Foirmeacha Iarratais	Beidh fáil ar leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear: • Foirmeacha iarratais do gach post Múinteora i scoileanna • Foirmeacha iarratais do gach post i scoileanna Gaeltachta	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
Na Meáin	**Preaseisiúintí**	Eiseofar gach preasráiteas ó ghaelscoileanna agus ó ghaelcholáistí go dátheangach.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Urlabhraithe na Meán **Óráidí**	Beidh urlabhraí/urlabhraithe a bhfuil Gaeilge acu ar fáil le haghaidh agallamh leis na meáin Ghaeilge. Beidh ábhar Gaeilge in óráidí Béarla. Bheifí ag súil anseo go gcuimseofaí beannachtaí tosaigh agus deiridh óráide mar aon le tagairtí anonn is anall i nGaeilge d'ábhar agus/nó d'ócáid na hóráide, ar a laghad.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
Teicneolaíocht Faisnéise	**Ríomhphoist**	Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist cosúil le séanta dátheangach.	Faoi dheireadh chéad bhlain na scéime
	Suíomhanna Gréasáin	Beidh ráiteas dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ar láithreán gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ina ndearbhófar go bhfuil an Bord tiomanta na gealltanais a tugadh i scéim teanga an Bhoird a chomhlíonadh. Foilseofar liosta ar an láithreán gréasáin de na baill foirne sa phríomhoifig atá in ann seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil. Beidh teachtaireacht dhátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ar láithreán gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí chomh maith le heolas faoi bhaill Bhord Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Córais Ríohaireachta	Beidh córas ríomhaireachta nua ar bith a shuiteálfar ábalta déileáil leis an nGaeilge.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime

An Ghaeltacht	**Cruinnithe** **Óráidí**	Seolfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge. Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí, nó a eagraítear ar a shon. Beidh cruinnithe faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an nGaeilge a eagraíonn an comhlacht poiblí i nGaeilge. Beidh gach óráid sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime

Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht a Fheabhsú

Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus cinntiú gurb í an Ghaeilge teanga oibre oifigí i gceantair Ghaeltachta faoi dháta áirithe.

Gealltanais i gCeantair Ghaeltachta

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanas	**Amscála – Faoi dheireadh na céad/dara/tríú bliana**
Bíonn ranganna Oideachais Aosaigh ar fáil ó am go chéile. **Is trí Ghaeilge a reáchtáiltear scolaíocht i gCholáiste Pobail Rathcairn.**	Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí go bhfuil sainriachtanais teanga ag pobail Ghaeltachta. Déanfaidh an Bord an-iarracht gach seirbhís a bhaineann leis an nGaeltacht a sholáthar trí mheán na Gaeilge, agus cuirfear tús leis sin i rith chéad bhliain a scéim teanga.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Ní bheidh tionchar diúltach ag aon pholasaí/tionscnamh/clár nua de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar shaintréithe cultúir ná teanga na Gaeltachta, agus ní dhéanfaidh sé aon díobháil dóibh. Glacfaidh an Bord le gach beart atá ar a chumas chun na tréithe sin a chothú agus a neartú.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Maidir le logainmneacha Gaeltachta, is é an leagan oifigiúil a bheidh á úsáid i gcónaí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, i gcomhréir leis na hIonstraímí Reachtúla cuí.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Sa chás nach amhlaidh atá sé faoi láthair, cinnteoidh an Bord gurb í an Ghaeilge a bheidh ina teanga oibre ina chuid scoileanna/ionaid/oifigí i gceantair Ghaeltachta nach bhfuil ag feidhmiú amhlaidh faoi láthair, agus cuirfear tús leis sin i rith chéad bhliain a scéim teanga.	Ag tosú le linn thréimhse saoil na chéad scéime
	Féachfaidh an Bord le rúnaithe agus fostaithe eile a cheapadh ina n-oifigí Gaeltachta (scoileanna agus ionaid oideachais aitheanta eile) a mbeidh sé de chumas acu déileáil go héifeachtach le daoine ar mian leo a gcuid gnóthaí leis an mBord a dhéanamh trí Ghaeilge, agus cuirfear tús leis sin i rith chéad bhliain a scéim teanga.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Cuirfear gach doiciméad a bhaineann le ceantair Ghaeltachta ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Féachfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí le gach cruinnú a thionólann sé don phobal Gaeltachta a dhéanamh trí Ghaeilge.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Maidir le scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí sa Ghaeltacht, féachfaidh an Bord, a mhéid is atá sé in ann, le foireann teagaisc a cheapadh a mbeidh sé ar a gcumas raon iomlán ábhar an churaclaim a sholáthar go héifeachtach trí Ghaeilge.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime

Caibidil 6: Inniúlacht Teanga a Fheabhsú

6.1 Earcaíocht

Is é an príomhbhealach a mbainfear úsáid as chun an líon is mó agus is féidir seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ná baill foirne a earcú a bhfuil an leibhéal inniúlachta cuí i nGaeilge acu i ngach réimse d'obair **Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**. Féachfaidh ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir ag na nósanna imeachta náisiúnta earcaíochta comhaontaithe, don ghá inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin, a mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe istigh leis, ar fáil do gach ball foirne nua chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoi na gealltanais atá déanta againn faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí** tiomanta, ag brath ar acmhainní, deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

Gealltanas			**Amscála** **Faoi dheireadh na céad/dara/tríú bliana**
Feabhas a chur ar chumas Gaeilge	**Earcaíocht**	Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin, a mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe istigh leis, ar fáil do gach ball foirne nua	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime
	Oiliúint	Cuirfear deiseanna ar fáil don fhoireann chun a gcumas i nGaeilge a fheabhsú.Déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge agus teastas tástála inniúlachta a chur ar fáil don fhoireann chun: Tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt. Feabhas a chur ar chumas na foirne a ndualgais Ghaeilge a chomhlíonadh, agus Córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil don fhoireann Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga cosúil le: www.focloir.ie www.tearma.ie www.teanglann.ie www.abair.ie chomh maith le WinGléacht , an leagan leictreonach den bhfoclóir Uí Dhónaill Gaeilge.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist atá liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé beartaithe go mbeidh caighdeáin shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le freagrachtaí an phoist. Agus na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar pobail Ghaeltachta, nó pobail a labhraíonn Gaeilge, an chuid is mó dá gcustaiméirí.

Teideal an Phoist	Suíomh	An pobal Gaeltachta/Gaeilge a bhfuiltear ag freastal air	Tásc den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (bunúsach, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, Stiúrthóirí, bainisteoirí comhordaitheoirí, agus gach post múinteoirearachta sa Gaeltacht.	Scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus a chuid seirbhísí eile i nGaelcholáistí.	Pobal Ghaeltacht Chontae na Mí agus pobal gach Gaelcholáiste atá ag feidhmiú faoi chúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe
Rúnaithe, airígh agus poist riaracháin eile sa Gaeltacht agus i nGaelcholáistí.	Scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus a chuid seirbhísí eile i nGaelcholáistí.	Pobal Ghaeltacht Chontae na Mí agus pobal gach Gaelcholáiste atá ag feidhmiú faoi chúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach agus Foireann Shinsearach Bainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí monatóireacht agus athbhreithniú ar fhorfheidhmiú na scéime ar bhonn rialta. Is é **An Príomh Oide, Coláiste Pobail Ráth Chairn (faoi láthair - An tUasal Macdara O'Duillearga)** an teagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmeálta ann chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: Foilsiú na Scéime Comhaontaithe

Foilseofar an scéim seo go hinmheánach agus go seachtrach ar dtús trí phreasráiteas. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus seolfar chuig gach ball foirne agus gníomhaireacht chuí í. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis agus muid ag déileáil le custaiméirí ar bhonn laethúil chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú trí na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint i limistéir fháiltithe a thugann le fios na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostáil go feiceálach ar ár láithreán gréasáin;
- tabhairt le fios ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- an tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Bearla an leagan oifigiúil den scéim seo.